Tuiscint ar an gcomhoibriú idir Institiúid Oideachais Marino agus Ollscoil Uladh maidir le cabhrú le hiarrthóirí as Tuaisceart Éireann agus na contaetha cois teorann ar mian leo tabhairt faoin gCáilíocht sa Ghaeilge (S.C.G./O.C.G.) do bhunmhúinteoirí.

Comhoibreoidh Institiúid Oideachais Marino agus Ollscoil Uladh lena chéile chun cabhrú agus chun tacú le hiarrthóirí ó Thuaisceart Éireann agus ó na contaetha cois teorann ar mian leo tabhairt faoin gCáilíocht sa Ghaeilge (S.C.G./O.C.G.).

Tá sé mar rún go mbeadh comhoibriú neamhfhoirmeálta idir Ollscoil Uladh agus Institiúid Oideachais Marino chun cabhrú le hiarrthóirí ó Thuaisceart Éireann agus na contaetha cois teorann a chláraíonn don Cháilíocht sa Ghaeilge (S.C.G./ O.C.G.) le hInstitiúid Oideachais Marino, a ba chóir cabhrú leo an leibhéal inniúlachta atá á éileamh ag Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Molann Ollscoil Uladh cúrsa ullmhúcháin a sholáthar laistigh de chreatlach a Dioplóma *ab initio* sa Ghaeilge.

Beidh buntáiste ar leith ag na hiarrthóirí a roghnaíonn ullmhú don Cháilíocht sa Ghaeilge (S.C.G./O.C.G.) trí mheán an Dioplóma sa mhéid is go mbeidh cáilíocht saorsheasaimh acu chomh maith le hullmhúchán don Cháilíocht sa Ghaeilge (S.C.G./O.C.G.).

Cuirfear iarrthóirí a chláraíonn le hOllscoil Uladh don Dioplóma sa Ghaeilge ar an eolas faoin socrú neamhfhoirmeálta agus faoin gcomhoibriú idir Ollscoil Uladh agus Institiúid Oideachais Marino. Má shocraíonn iarrthóirí ar an Dioplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh clárú le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann agus Institiúid Oideachais Marino, beidh deis acu leas a bhaint as an gcúrsa ullmhúcháin atá á sheachadadh ag Ollscoil Uladh.

Cuirfidh Institiúid Oideachais Marino agus Ollscoil Uladh an tionscadal molta chun cinn ina gcuid ábhar bolscaireachta, bróisiúir agus araile.

Ollscoil Uladh.
An tOll. Pól Ó Dochartaigh
Dean Dhámh na nEalaíon
01 Feabhra 2013

Institiúid Oideachais Marino.
Dr. Áine Ní Ghadhra, Uachtarán.
01 Feabhra 2013

Tuilleadh eolais: http://study.ulster.ac.uk/prospectus/course/201213/10548